# Suzanne O'Neill fundraiser at Rathwood

ALL the family are invited to take part in a 3km walk, run or jog on Sunday 11 November at 11am at Rathwood Home Gift and Garden World with all proceeds to the Suzanne O'Neill fund.
Please hand in your entry form to Rathwood by Wednesday 9 November.
Further details from Tony Donoghue on 059 8624147 or Rathwood on 059 9156285.

## Ardattin

CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET



**CONFIRMATION**
A meeting for all parents of Confirmation candidates will be held in the parish centre on Wednesday 19 October at 8pm. An enrolment ceremony for all young people preparing for Confirmation will take place during the 7.30pm vigil Mass on Saturday 22 October in the parish church.

**COMMUNITY GAMES NEWS**
The annual Slaney Valley community games presentation night and party will be held this coming Friday 21 October at 7.30pm in Spellman Hall, Kildavin. A raffle will be held on the night and donations of spot prizes would be gratefully accepted. The groups AGM will be held on Thursday 27 October in St. Brigids Hall, Clonegal at 8.30pm. All are welcome

**RETAIL ADMINISTRATION COURSE**
A free Fetac level five retail administration course for the unemployed, funded by Carlow Kilkenny Skillnets, will be held in Forward Steps Resource Centre on Monday and Tuesday 24 and 25 October and Wednesday 9 November from 9.30am to 4.30pm each day. This course is aimed at providing students with a solid foundation in retail administration, retail selling, visual merchandising and an opportunity to gain work experience. To book your place contact Jacqui on 086 8283637 or Forward Steps on 059 9152776.

# Glór Cheatharlach

## Spraoicheisteanna Fhéile an Fhómhair


**Halla lán ag Spraoicheist na Céad Bliana**

B'IONTACH na hocáidí Gaelacha a reachtáladh i gCeatharlach mar chuid d'imeachtaí Féile an Fhómhair i mbliana. I measc na n-imeachtaí a bhí ar chlár na féile bhí ceol, drámaíocht, scéalaíocht agus spraoi. Chomh maith leis sin bhí dhá Spraoicheist, ceann amháin dírithe ar dhaltaí sa chéad bhliain agus ceann eile do dhaltaí ins na hardranganna i mbunscoileanna an cheantair.
Bhí beagnach fiche foireann i láthair do Spraoicheist na céad bliana a bhí ar siúl Dé Luain seo caite in Ionad Pharóiste na hArdeaglaise le daltaí ó Ghaelcholáiste Cheatharlach, Choláiste Naomh Leoin, Choláiste an Chnoic Bhig agus ó Choláiste na Toirbhirte/ De la Salle Mhuinebheag san iomaíocht. Bhí éagsúlacht an-mhaith de cheisteanna le freagairt bunaithe ar cheol, chursaí reatha, spórt, scannáin, stair, tíreolas agus eolas ginearálta. Le comhscór ag deireadh na mbabhtaí tháinig foireann ó Ghaelcholáiste Cheatharlach agus foireann ó Choláiste Mhuinebheag araon sa chéad áit.
Tháinig beagnach céad dalta ó bhunscoileanna an cheantair maille lena dtuismitheoirí agus a múinteoirí le chéile i gClub Éire Óg ar oíche Mháirt chun páirt a ghlacadh i Quizboird na mBunscoileanna. Bhí 23 foireann páirteach ó ocht scoil éagsúil le daltaí ó Ghaelscoil Eoghain Uí Thuraisc, Scoil Bhaile Nua Dún Leicne, Scoil Dhiarmada, Scoil an Easpaig Úí Fhoghlú, Scoil Mhuire gan Smál, Beann na gCaorach, Gaelscoil Átha Í agus Scoil Chailíní an Teaghlaigh Naofa páirteach sa chomórtas.
Bhí idir mhúinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí thar a bheith sásta le caighdeán na gceisteanna. Ag deireadh cúig bhabhta bhí Scoil Bheann na gCaorach chun tosaigh le 42 marc as 50 agus bronnadh an chéad áit orthu. Tháinig foireann ó Scoil Dhiarmada sa dara háit le 39 marc agus bhí foirne ó Ghaelscoil Cheatharlach, Scoil Mhuire gan Smál agus Cailíní an Teaghlaigh Naofa ar chomhscór sa triú háit le 38 marc. Deineadh comhgháirdeachas leis na foirne go léir a ghlac páirt i Spraoicheist na Féile agus bronnadh duaiseanna deasa ar na buaiteoirí uile.
Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí leis na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na foirne uile a bhí páirteach i spraoicheisteanna Fhéile an Fhómhair agus le muintir Éire Óg agus Ionad Pharóiste na hArdeaglaise as na háiseanna a chur ar fáil dúinn. Go mbeirimid beo ar an am seo arís.


**Ghaelcholáiste**


**Scoil Bheann na gCaorach**


**Choláiste na Taoirbhirte De la Salle le hEmma Úi Bhroin**

## Díospóireacht na nIarrthóirí don Uachtaránacht ar TG4

TUAIRISCÍTEAR go mbeidh seisear de na hiarrthóirí atá san iomaíocht lena chéile don Uachtaránacht ag glacadh páirte sa díospóireacht dhátheangach a chraolfar ar TG4, anocht Dé Máirt,18 Deireadh Fómhair. Ní bheidh Dana Rosemary Scallon ag glacadh páirte toisc go raibh socruithe eile déanta cheana féin aici don oíche.
Áras 2011 is teideal don chlár a bheidh faoi chathaoirleacht Pháidí Uí Lionáird le tosnú ag 7.00i.n. agus athchraolfar é níos déanaí san oíche ag 11.05i.n.
'Sé an leagan amach a bheidh ar an gclár ná go ndéanfaidh gach rannpháirtí tús-ráiteas gearr i nGaeilge. Ina dhiaidh sin leanfaidh díospóireacht 40 nóiméad nó mar sin agus a rogha teanga ceadaithe d'iarrthóirí. Críochnóidh an plé le ráiteas gearr Gaeilge ó gach iarrthóir mar chlabhsúr. Déanfar an clár a réamhthaifeadadh le deis a thabhairt fotheidil a chur air don chraoladh. Tá geallúint tugtha ag na hiarrthóirí nach bhfuil Gaeilge mhaith acu i láthair na huaire go mbainfidh siad líofacht amach sa teanga má thoghfar iad.
Deir Leascheannasaí TG4, Pádhraic Ó Ciardha, go bhfuil an cainéal thar a bheith sásta a leithéid de dhíospóireacht a eagrú agus a chraoladh. "Ní minic a fhaigheann pobal na hÉireann an deis Ceann Stáit a thoghadh" a dúirt sé. "Mar chraoltóir seirbhíse poiblí, is mian linn a bheith lárnach sa gcaibidil phoiblí faoin gcinneadh tábhachtach seo agus deis a thabhairt do phobal féachana TG4 cumas na n-iarrthóirí a mheas."


**Áras an Uachtaráin**

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**
**Glór Cheatharlach**
**Carlow Gateway Business Centre**
**Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!